



Tionchar Chumann Lúthchleas Gael ar an saol in Éirinn

Príomhthoradh Foghlama:

2.10 míniú a thabhairt ar an gcaoi a raibh tionchar ag gluaiseacht spóirt, gluaiseacht chultúrtha nó gluaiseacht shóisialta amháin ar shaol na hÉireann.

Torthaí Foghlama Ábhartha Eile: 2.4, 2.5, 2.8, 2.9, 2.11

Réamhcheacht

Pléigí na ceisteanna seo a leanas:

- 1 Cén t-ainm atá ar an gclub CLG (Cumann Lúthchleas Gael) is gaire duitse? Cad/Cé as ar ainmníodh an club?
- 2 Cén bhliain a bunaíodh an club CLG is gaire duitse?
- 3 Cén bhliain a bunaíodh an club camógaíochta is gaire duitse?
- 4 Cén bhliain a bunaíodh an club is gaire duit do pheil na mban?
- 5 Cad is ainm don staid CLG i do chontae? Cad/Cé as ar ainmníodh an staid?
- 6 Ainmnigh na seastáin (ardáin) éagsúla i bPáirc an Chrócaigh, más féidir leat.
- 7 Ainmnigh dhá spórt a imríodh den chéad uair sa Bhreatain Mhór.
- 8 Smaoinigh siar ar an staidéar atá déanta agat ar an Athbheochan, cén bhrí a bhí ag an bhfocal 'pátrún' ag an am sin?
- 9 Ar ghlac do scoil páirt sna comórtais a bhaineann le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonnacha riamh?
- 10 An bhfuil aon eolas agat ar na comórtais Scór na nÓg agus Scór Sinsir?

Tasc: Cuir agallamh ar do thuismitheoirí agus/nó ar do sheantuismitheoirí faoin gCumann Lúthchleas Gael lena linn. Déan na freagraí a thaifeadadh nó scríobh amach iad.

Úsáid na ceisteanna thíos mar shampla:

- 1 Ar imir tú spórt CLG riamh? Tabhair cur síos air, má d'imir.
- 2 Ar imir tú aon spórt eile? Tabhair cur síos ar an spórt eile, má d'imir.
- 3 Cén cluiche is fearr a bhfuil cuimhne agat air? Cén fáth?
- 4 An raibh tionchar ag CLG ar do shaol?
- 5 An raibh tionchar ag CLG ar do cheantar?
- 6 An cuimhin leat aon athrú a tháinig ar CLG?
- 7 An bhfuil aon fhoinse phríomha agat a bhaineann le CLG, bonn Chraobh na hÉireann, mar shampla?



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

óráid	spóirt/spóirt	aicme	cluiche corr	staid	náisiúnaí/náisiúnaithe
lúth	spóirt eagraithe	usaicme	bunú	seastán	poblachtach/poblachtaigh
cleas	lúthchleasaí	ísealaicme	lúthchleasaíocht	ardán	

Foclóir

tháinig meath ar chultúr na hÉireann: *Irish culture declined*
 rinneadh gaildú ar x: *x was anglicised*
 a chaomhnú: *to conserve*
 Durlas Éile: *Thurles*
 cluiche corr: *rounders*
 ísealaicme, lucht oibre: *the working classes*


Cúlra: An Athbheochan Chultúrtha

Tar éis an Ghorta Mhóir, tháinig meath go tapa ar chultúr na hÉireann. Chuir an bhochtaineacht i measc na ngnáthdhaoine, mar aon leis an imirce, leis an meath. Tháinig an Béarla chun cinn mar theanga phobail in áit na Gaeilge. Ina ainneoin sin, nó mar gheall air, mhéadaigh an tsuim a bhí ag daoine áirithe sa náisiúnachas cultúrtha. Bhí siad buartha faoi ghalldú na hÉireann. Theastaigh uathu cultúr na hÉireann a chaomhnú agus neamhspleáchas a fháil ón mBreatain. Tugaimid náisiúnaithe cultúrtha ar na daoine sin, ar theastaigh uathu teanga, litríocht agus caithimh aimsire na tíre a chur chun cinn. Bunaíodh cumainn éagsúla, a raibh an aidhm sin acu, mar shampla CLG agus Conradh na Gaeilge. Bhí a lán daoine ina mbaill den dá chumann agus i roinnt mhaith cásanna, ghlac siad páirt in Éirí Amach na Cásca agus i gCogadh na Saoirse freisin.

An Spóirt in Éirinn roimh bhunú CLG

Tar éis an Ghorta Mhóir, bhí na cluichí Gaelacha á gcailleadh as an tír. Anuas air sin, bhí na cluichí agus comórtais a bhíodh á n-imirt gan rialacha, ord nó eagar. Ar an lámh eile, bhí spóirt eagraithe ag teacht chun cinn go hidirnáisiúnta ag an am, rugbaí, cruicéad agus sacar ach go háirithe sa Bhreatain. Bhí na spóirt sin ag teacht chun cinn in Éirinn freisin, in áit na gcluichí Gaelacha.

Ag an am, ba í an uasaicme ba mhó a ghlac páirt sa spóirt. Bhí na spóirt eagraithe róchostasach don ísealaicme. Anuas air sin, imríodh cluichí rugbaí agus sacair ar an Satharn. Bhíodh an lucht oibre ag obair ar an Satharn agus ní bhíodh siad ábalta páirt a ghlacadh sna cluichí.



Micheál Cíosóg



Muiris Ó Daimhín

Ar an gcéad lá de mhí na Samhna 1884 in Óstán Hayes i nDurlas Éile, Co. Thiobraid Árinn, bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael, chun caithimh aimsire náisiúnta a chaomhnú agus a chur chun cinn. Cé nár fhreastail ach seachtar ar an gcéad chruinniú, laistigh de sé mhí bhí clubanna CLG le fáil ar fud na tíre.

I measc na ndaoine a bhunaigh CLG, bhí Micheál Cíosóg ó Chontae an Chláir. Múinteoir, iriseoir, Gaeilgeoir agus náisiúnaí ab ea é. B'fheirmeoir agus lúthchleasaí cáiliúil é Muiris Ó Daimhín. Ba é an chéad uachtarán ar CLG é. Ba iad Ardeaspag Croke, Charles Stewart Parnell agus Michael Davitt na chéad phátrúin a bhí ar CLG. Bhí sé i gceist acu lúthchleasaíocht, cluiche corr, liathróid láimhe, iomáint agus peil a chur chun cinn. Ba é aidhm an chumann deis a thabhairt do mhuintir na hÉireann cluichí na hÉireann a eagrú agus a imirt.

Foclóir

forbairt an daonlathais: *development of democracy*
smionagar: *rubble*
comórtas dornálaíochta: *boxing competition*
pocléimneach: *bucking*
gamhain/gamhna: *calf/calves*
grúpa ban: *a group of women*

Tionchar CLG ar fhorbairt an daonlathais


Bunaíodh clubanna CLG i bparóistí agus i gcontaetha. Thug an struchtúr seo deis do ghnáthdhaoine cumann a rith agus taithí a fháil ar an daonlathas. Cuireadh comórtais ar siúl ar an Domhnach. Socraíodh rialacha nua do na cluichí in 1885. Faoi na 1920idí déanacha, bhí CLG ar an gcumann spóirt ba mhó sa tír. Stad an meath a bhí tagtha ar na cluichí Gaelacha agus scaip siad ar luas lasrach timpeall na tíre.

Páirc an Chrócaigh

De réir mar a d'fhás CLG, theastaigh páirc dá gcuid féin ón gcumann. Ceannaíodh suíomh ar Bhóthar Mhic Sheoin i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath agus is ann a tógadh Páirc an Chrócaigh in 1913. Ainmníodh an pháirc nua in ómós don Ardeaspag Thomas Croke. Cuireadh seastáin nua le Páirc an Chrócaigh le himeacht na mblianta.

An bhfuil a fhios agat?

I mí Lúnasa 1924, tharla róidió i bPáirc an Chrócaigh. Tháinig grúpa ó Mheiriceá chun tallann na mbuachaillí bó agus na gcaillíní bó a léiriú don phobal Éireannach. Bhí siad ag marcaíocht ar chapail a bhí ag pocléimneach agus ag breith greim ar ghamhna le rópaí chun iad a cheangal.




Deirtear gur ainmníodh 'Hill 16' as Éirí Amach 1916, mar gur úsáideadh smionagar ón Éirí Amach chun é a thógáil, ach níorbh é sin an cás. Ba é 'Hill 60' an chéad ainm a bhí ar an ardán. Ainmníodh Hill 60 as cnoc in Gallipoli ar ar tharla cath tábhachtach i rith an Chéad Chogadh Domhanda, agus ar throid na Connacht Rangers ann. Sna 1930idí, athainmníodh an t-ardán 'Hill 16'. Ainmníodh seastáin eile as na bunaitheoirí agus as fir a bhí páirteach i ngluaiseacht na saoirse, m.sh. Ardán Uí Chíosóig, as Micheál Cíosóg.

Tharla imeachtaí tábhachtacha cultúrtha eile i bPáirc an Chrócaigh freisin. In 1972, throid Muhammad Ali i gcoinne Al 'Blue' Lewis i gcomórtas dornálaíochta ann. Tharla searmanas na gCluichí Oilimpeacha Speisialta ann sa bhliain 2003. Is minic ceolchoirmeacha ann. I rith phaindéim COVID-19 in 2020, bhailigh an pobal Moslamach ann chun Eid Al Adha a cheiliúradh.



Muhammad Ali agus 'Al 'Blue' Lewis ag troid i bPáirc an Chrócaigh.



Eid

Tionchar CLG ar Spóirt na mBan

Sna 1880idí, ní raibh cead ag mná mórán spóirt a imirt, spóirt CLG san áireamh. Faoi chasadh an chéid áfach, lorg mná athruithe ar na rialacha a chuir cosc orthu imirt. Bhí meon na ndaoine faoi mhná sa spóirt ag athrú freisin.

Camógaíocht

D'fhás an chamógaíocht as smaointe a bhí ag grúpa ban i gConradh na Gaeilge a raibh fonn orthu iománaíocht a imirt. In 1903 agus Máire Ní Chinnéide ina ceannaire acu, scríobh siad rialacha a bheadh oiriúnach do mhná san iománaíocht. Tugadh camógaíocht ar an spóirt nua seo. Bhí na



Máire Ní Chinnéide

camáin agus sliotair ní ba lú agus ní ba éadroime ná na cinn a úsáideadh san iománaíocht. Bhí an pháirc ní ba ghiorra agus ní ba chaoile. Bhí beirt imreoir déag an taobh ar na foirne.

D'fhás an chamógaíocht go tapa i mBaile Átha Cliath i gcraobhacha Chonradh na Gaeilge. D'imir Baile Átha Cliath i gcoinne na Gaillimhe sa chéad chraobh in 1932. Faoi 1934, bhí 318 club in Éirinn (80 i mBaile Átha Cliath amháin), le tuairim is 10,000 á imirt ar fud na hÉireann, 7 gclub i Londain agus clubanna i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Peil na mBan

Sna 1960idí, tosaíodh ar chumainn a bhunú do pheil na mban. Bunaíodh Cumann Pheil na mBan go hoifigiúil ar an 18 Iúil 1974 in Óstán Hayes i nDurlas Éile, Co. Thiobraid Árann. Bhí cead ag mná an liathróid a ardú den talamh, rud nach bhfuil ceadaithe i gcluiche na bhfear, ach d'fhan na rialacha eile mar a chéile leis na rialacha i bpeil na bhfear. Bhí contaetha Uíbh Fhailí agus Tiobraid Árann sa chéad chraobh. Tá craobhacha de chumann pheil na mban le fáil ar fud na tíre anois, agus i dtíortha eile ina bhfuil diaspóra na hÉireann.

Tionchar CLG ar an nGaeilge

Tógadh Micheál Cíosóg le Gaeilge. Níor thosaigh sé ar Bhéarla a labhairt go dtí go raibh sé aon bhliain déag d'aois. Agus é fásta, bhí sé ina bhall de Chonradh na Gaeilge freisin. Ní nach ionadh mar sin go raibh cur chun cinn na Gaeilge fite fuaite i gcur chun cinn na gcluichí Gaelacha in CLG.

In CLG, tá Coiste Náisiúnta na Gaeilge agus Oifigeach Forbartha Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn go náisiúnta. Tugann Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonnacha aitheantas do chlubanna áitiúla as an iarracht a dhéanann daoine iontu an Ghaeilge a úsáid. Is féile chlubanna Gaeltachta é Comórtas Peile na Gaeltachta, a imrítear thar deireadh seachtaine amháin. Glacann clubanna Gaeltachta agus clubanna Gaeilge, leithéidí na Gaeil Óga i mBaile Átha Cliath, páirt ann. Bunaíodh Comórtas Peile na Gaeltachta sa bhliain 1969 agus imríodh an chéad chomórtas i nGaoth Dobhair i nGaeltacht Dhún na nGall. Imrítear an fhéile pheile i nGaeltacht éagsúil gach bliain. Craoltar na cluichí ar Raidió na Gaeltachta agus ar TG4.



Camógaíocht



Peil na mBan

Foclóir

faoi chasadh an chéid: *by the turn of the century*
bhí meon na ndaoine maidir le...: *people's attitude to...*
ní ba chaoile: *narrower*
na cláir is mó éilimh: *the most popular programmes*
daoine nua a mhealladh: *to attract new people*
mórtas, bród: *pride*
mórtas ceantair agus bród teanga a nascadh:
to connect pride of place with pride of language



GAA Beo

Bíonn cláir faoi CLG ar na cláir is mó éilimh ar Raidió na Gaeltachta agus ar TG4, mar shampla Léig Allianz, Peil na mBan Beo, craobhacha na gclubanna, scoileanna, coláistí agus na bhfoirne faoi 20, mar aon le GAA Gold. Éiríonn leis na cláir seo daoine nua a mhealladh chun féachaint ar stáisiún teilifíse Gaeilge nó chun éisteacht le tráchtairacht Ghaeilge ar an raidió.

Éiríonn le CLG mórtas spóirt agus mórtas ceantair a nascadh le bród teanga. Feictear é seo go háirithe sna hóráidí Gaeilge a thug na captaein bhuacacha thar na blianta ag na craobhacha. Ina measc, tá Joe Connolly, captaen fhoireann na Gaillimhe, craobh 1980, Páidí Ó Sé captaen fhoireann Chiarraí, craobh 1985, Seán Óg Ó hAilpín, captaen fhoireann Chorcaí, craobh 2005 agus Lester Ryan, captaen Chill Chainnigh, craobh 2014.



Seán Óg Ó hAilpín

An bhfuil a fhios agat?

Ní raibh aon nótaí ullmhaithe ag Joe Connolly dá óráid in 1980 ach tá daoine fós ag labhairt ar an óráid sin! Chuir an staraí Richard Aldous leabhar le chéile dar teideal *Great Irish Speeches* agus ba é óráid Connolly an t-aon óráid spóirt a cuireadh sa leabhar, i measc óráidí ó Dhónall Ó Conaill agus Éamon de Valera!

Féach ar an óráid:

<https://www.youtube.com/watch?app=desktop&v=hDrBWobXLEw>

'A mhuintir na Gaillimhe, tar éis seacht mbliana agus caoga, tá Craobh na hÉireann ar ais i nGaillimh...'

Tionchar CLG ar an gcultúr Gaelach

Tacaíonn Cumann Lúthchleas Gael le cur chun cinn an damhsa Ghaelaigh, an cheoil, na hamhránaíochta agus an chultúir Ghaelaigh. Bunaíodh Scór sa bhliain 1969. Is sraith comórtas é Scór sa scéalaíocht, san amhránaíocht, sa cheol, sa rince céilí agus sa rince seit. Freastalaíonn Scór na nÓg agus Scór Sinsir ar aoisghrúpaí éagsúla. Téann buaiteoirí na gclubanna ar aghaidh go comórtais chontae, comórtais chúige, agus go craobh na hÉireann.



Corn Mhig Uidhir

Déantar ceiliúradh ar ealaín na hÉireann sna coirn a bhronnann an cumann. Bunaithe ar Chailís Ardach, bronntar Corn Sam Mhig Uidhir ar bhuaiteoirí Chraobh Peile na hÉireann gach bliain.

Tionchar CLG ar an Náisiúnachas

I measc na bhfear a d'fhreastail ar chéad chruinniú CLG, ba bhaill de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann iad ceathrar acu. Chuir an Bráithreachas an-suim sa chumann mar go raibh siad ag iarraidh éirí amach a eagrú. Ní raibh aon bhaint ag CLG le hÉirí Amach na Cásca in 1916, ach d'éirigh le BPÉ fir óga aclaí a earcú don éirí amach trí chlubanna CLG.



Sa ghrianghraf seo, feictear Óglaigh na hÉireann ag druileáil le camáin. Ní fios dáta ná suíomh an ghrianghraif seo.

Foclóir

Bráithreachas Phoblacht na hÉireann:

Irish Republican Brotherhood

fir óga aclaí: *athletic young men*

fir a earcú: *to recruit men*

sreang dheilgneach: *barbed wire*

gan chead: *without permission*

neamhaird a dhéanamh de: *to ignore*

agóid shíochánta: *peaceful protest*

Domhnach Gaelach: *Gaelic Sunday*

An bhfuil a fhios agat?

An bhfuil a fhios agat gur imríodh dhá chluiche ceannais i gCraobh na hÉireann sa bhliain 1916? Cuireadh reibiliúnaigh ó Éirí Amach 1916 i gcampa géibhinn i bhFrongoch sa Bhreatain Bheag. Ba champa géibhinn do shaighdiúirí Gearmánacha roimhe sin é, ach tugadh 'ollscoil na réabhlóide' air tar éis 1916. Taobh thiar de bhallaí agus de shreang dheilgneach an champa, d'éagraigh Tomás Mac Curtáin agus Mícheál Ó Coileáin athimirt ar Chraobh na hÉireann an bhliain sin. Tugadh 'Páirc an Chrócaigh' ar an bpáirc imeartha sa champa agus d'imir dhá fhoireann, Ciarraí agus an Lú, san athimirt. Crochadh póstaer ag fógairt na craobhe agus d'fhreastail 1,800 príosúnach ar an gcluiche. Bhuaigh Ciarraí an 'barbed wire final' le pointe amháin. Ba é Loch Garman a bhuaigh an fíorchluiche ceannais!

An Domhnach Gaelach

I mí Iúil 1918, chuir rialtas na Breataine cosc ar 'all meetings, assemblies, or processions in public places' gan chead scríofa ó Chonstáblacht Ríoga na hÉireann. Theastaigh ó rialtas na Breataine stop a chur le tionchar na gcumann cultúrtha. Chiallaigh sin go raibh ar CLG cead a fháil ó CRÉ roimh gach cluiche. Bheartaigh CLG neamhaird a dhéanamh den chosc.

Anuas air sin, bheartaigh CLG cluichí club a eagrú ar fud na tíre don 4ú Lúnasa mar agóid shíochánta i gcoinne an chosc. Tugadh an Domhnach Gaelach ar an lá. Thosaigh gach cluiche ag a trí a chlog. Thuig CRÉ nach mbeadh go leor póilíní acu chun na cluichí a stopadh. D'fhógair rialtas na Breataine go bhféadfadh cluichí CLG leanúint ar aghaidh gan chead a lorg uaidh sin amach. D'éirigh thar barr leis an Domhnach Gaelach agus ba bhua do CLG é.

Cogadh na Saoirse

Ní raibh baint ag CLG le Cogadh na Saoirse ach bhí baint ag go leor dá mbaill leis an gcogadh. Tharla ceann de na heachtraí ba mheasa i rith Chogadh na Saoirse i bPáirc an Chrócaigh ar an 21 Samhain, 1920. Bhí cluiche peile á imirt idir Baile Átha Cliath agus Tiobraid Árann. Chuaigh fórsaí na Breataine ar an bpáirc agus scaoil siad urchair leis na himreoirí agus leis an lucht féachana. Maraíodh 14 duine, Mícheál Ó Ógáin, imreoir le Tiobraid Árann, ina measc. Bhí díoltas á lorg ag fórsaí na Breataine as eachtra a tharla an mhaidin sin, nuair a mharaigh Arm Phoblacht na hÉireann spairí na Breataine. Tugtar Domhnach na Fola 1920 ar an lá.

Foireann Iománaíochta Bhuaichillí Dhún Garbháin 'The Young Rebels'.

Foclóir

scaoil siad urchair (aimsir chaite, scaoil): *they opened fire*
d'fhulaing (aimsir chaite, fulaing) na daoine: *the people suffered*
gníomh déistíneach: *dreadful act*
Baile Ó Síoda: *Ballyseedy*
an t-aon duine a tháinig slán: *the sole survivor*
d'ainneoin na ngníomhartha gránna: *despite the atrocities*
ar a theitheadh: *on the run*
é a ghabháil: *to arrest him*
tugadh thar coim é: *he was smuggled*
cuireadh ar leataobh é (briathar saor, aimsir chaite, cuir): *it was put aside*



CLG agus an Cogadh Cathartha

Níor thaobhaigh CLG le taobh ar bith maidir leis an gConradh Angla-Éireannach ná ní raibh baint ag CLG leis an gCogadh Cathartha. Bhí baint ag go leor de bhaill an chumainn leis an gcogadh, áfach. Tugadh Cogadh na gCarad ar an gcogadh mar gur scoilt sé teaghlaigh, cairdis, agus an pobal mór.

Bhí ról tábhachtach ag CLG i réiteach na scoilteanna sin agus thacaigh siad le pobail na tíre bogadh ar aghaidh ó uafáis an chogaidh. Bhí tionchar mór CLG le feiceáil i gCiarraí, ceann de na contaetha ba mhó a d'fhulaing i rith an chogaidh chathartha. Bhí Arm an tSaorstáit freagrach as gníomh déistíneach i mBaile Ó Síoda, Trá Lí, Co. Chiarraí. Dúnmharaíodh ochtar príosúnach ón taobh frithChonartha go brúidiúil. Ba é Stephen Fuller (Poblachtach) an t-aon duine den ochtar a tháinig slán. Tháinig John Joe Sheehy (Poblachtach agus peileadóir) ar Stephen Fuller tar éis an ghnímh. Thuig Sheehy a raibh déanta ag Arm an tSaorstáit agus bhí uafás air. D'ainneoin na ngníomhartha gránna a bhí déanta ag Arm an tSaorstáit ar Fuller agus ar na Poblachtaigh eile ag Baile Ó Síoda, bhí Sheehy fós sásta seomra feistis a roinnt le saighdiúirí an tSaorstáit, mar shampla Con Brosnan.



Leac cuimhneacháin i mBaile Ó Síoda.

Agus craobh na Mumhan i Luimneach in 1924 ag druidim leo, bhí Sheehy fós ar a theitheadh ón rialtas. Shocraigh Brosnan go bhféadfadh Sheehy teacht agus an cluiche a imirt gan aon duine é a ghabháil. Nuair a bhí an cluiche thart, d'éalaigh Sheehy i measc an tslua agus tugadh as an gcathair é faoi choim.

Lean teannas an chogaidh chathartha ar aghaidh sna 1930idí. Ar an ábhar nár ghlac CLG aon seasamh polaitiúil le linn an chogaidh cathartha, ba spás neodrach é ina bhféadfadh an dá thaobh teacht le chéile, agus a gcuid difríochtaí a chur ar leataobh ar son an spóirt.

Dar leis an staraí Richard McElligott, 'The success achieved by a group willing to put aside their political divisions for a unified purpose, became a powerful emblem of unity for a nation racked with bitter division.'

Na Trioblóidí

Chruthaigh na Trioblóidí deacrachtaí do CLG sna 6 chontae, cé go raibh tábhacht mhór ag baint le CLG ann. Thug an cumann deis do náisiúnaithe a n-aitheantas agus a gcultúr a léiriú, agus thug sé deis dóibh fosta bualadh le náisiúnaithe eile.

D'fhéach dílseoirí ar CLG mar láthair traenála réabhlóide do phoblachtaigh. Dhúnmharaigh grúpaí dílseoirí baill de CLG. Bhog Arm na Breataine isteach ar pháirceanna CLG i gclubanna leithéidí Crois Mhic Linnáin, agus thóg siad talamh ón gclub. Bhí gloine philéardhíonach riachtanach i gcuid de na clubthithe.

Foclóir

a n-aitheantas a léiriú: *to show their identity*
dílseoir/dílseoirí: *Loyalist(s)*

Crois Mhic Linnáin, baile i ndeisceart Ard Mhacha:
Crossmaglen

gloine philéardhíonach: *bullet proof glass*
clubtheach/clubthithe: *clubhouse(s)*

Tionchar CLG ar an Diaspóra

Thóg imircigh Éireannacha na cluichí Gaelacha leo, áit ar bith a ndeachaigh siad. Le fiche bliain anuas, bunaíodh clubanna i Stáit Aontaithe Mheiriceá, san Astráil, sa Bhreatain, ar Mhór-Roinn na hEorpa, i gCeanada agus san Áise. Tá 400 club CLG ar fud an domhain sa lá atá inniu ann. Cuireann na clubanna deiseanna ar fáil d'imircigh (i) aithne a chur ar Éireannaigh eile ina dtíortha nua, (ii) caidrimh agus gréasáin a fhorbairt agus (iii) na cluichí dúchais a imirt.

Athruithe in CLG ag teacht le Meon an Phobail

D'athraigh meon an phobail maidir le rialacha áirithe CLG le himeacht na mblianta. Shocraigh CLG roinnt de na rialacha seo a athrú agus a dhéanamh níos ionchuimsithí.


De réir rial 27, ní raibh cead ag baill de CLG 'cluichí eachtrannacha' a imirt, freastal orthu ná féachaint orthu. Chuirfí an ruaig ar aon bhall de CLG a bhris rial 27. In 1928, d'fhreastail Dubhghlas de hÍde, céad Uachtarán na hÉireann agus pátrún ar CLG, ar chluiche idirnáisiúnta sacair (Éire i gcoinne na Polainne) i bPáirc Chnocán Uí Dhálaigh, ina ról mar Uachtarán. Bhain CLG pátrúnacht an chumainn de. Cuireadh deireadh le rial 27 sa bhliain 1971, de réir mar a d'éirigh pobal na hÉireann níos ionchuimsithí.

De réir rial 21, ní raibh cead ag baill d'fhórsaí slándála na Breataine (póilíní agus Arm na Breataine) a bheith ina mbaill de CLG. Bhí rial 21 ann ó 1897, nuair a creideadh go bhféadfadh fórsaí slándála spaireacht a dhéanamh ar bhaill de CLG. Tar éis bhunú an tSaorstáit, d'fhan rial 21 i bhfeidhm sna clubanna ó thuaidh. Faoin mbliain 2001 áfach, bhí síocháin sna 6 chontae agus cuireadh deireadh le rial 21 chun an caidreamh idir náisiúnaithe agus aontachtaithe a fheabhsú.

De réir rial 42, ní raibh cead cluichí eachtrannacha a imirt i staideanna CLG. Ach sa bhliain 2007, imríodh ceann de na cluichí ba thábhachtaí i stair an spóirt in Éirinn i bPáirc an Chrócaigh – cluiche rugbaí idir Éire agus Sasana. Ba ghá rial 42 a athrú chun go mbeadh cead an cluiche a imirt. Ba chluiche an-tábhachtach é mar gheall ar imeachtaí Dhomhnach na Fola, 1920. Léirigh an cluiche an fhorbairt a bhí tagtha ar an gcaidreamh Angla-Éireannach, agus an dá fhoireann náisiúnta ag imirt i gcoinne a chéile ar chomhchéim os comhair an tsaoil mhóir.

Foclóir

Cumann Pheil na mBan: *Ladies Gaelic Football Association*
imirceach/imircigh: *immigrant(s)*
gréasán/gréasáin: *network(s)*
chuirfí an ruaig ar X: *X would be banned*
Páirc Chnocán Uí Dhálaigh: *Dalymount Park*



Dubhghlas de hÍde

Foclóir

níos ionchuimsithí: *more inclusive*
cluichí eachtrannacha: *foreign games*
baill d'fhórsaí slándála na Breataine: *members of the British security forces*
aontachtaithe: *unionists*
caidreamh Angla-Éireannach: *Anglo-Irish relationship*



Bileog Oibre

Tionchar CLG ar an Náisiúnachas

Cuid A: Léigh an sliocht agus freagair na ceistanna thíos.

Leagan Béarla ar fáil anseo: <https://northernirelandscreen.co.uk/news/irish-language-broadcast-fund/new-irish-language-documentary-explores-the-gaa-and-civil-war/>

Fiosraíonn clár faisnéise nua Gaeilge CLG agus Cogadh na gCarad



I gclár faisnéise nua de chuid an Chiste Craoltóireachta Gaeilge, fiosraíonn Gráinne McElwain an dóigh ar chuidigh CLG ar fud na hÉireann na scoilteanna searbha a tháinig as Cogadh na gCarad 100 bliain ó shin a leigheas agus an bhearna eatarthu a shárú. Craolfar an clár **Ré Réabhlóide: CLG agus Cogadh na gCarad**, atá léirithe ag **Imagine Media, Déardaoin 11ú Bealtaine ag 10.15.i.n.** ar **RTÉ 1**.

Stróic Cogadh na gCarad Éire as a chéile. Stróiceadh teaghlaigh ina dhá chuid, cuireadh deartháireacha i ndeabhaidh a chéile agus rinneadh dochar do phobail nárbh fhéidir a chur ina cheart. Bhí tionchar aige ar gach gné den saol in Éirinn, ach dhiúltaigh CLG scaradh i mblianta na deighilte, murab ionann agus eagrais náisiúnta eile.

Le linn na tréimhse 1914-1921, ba léiriú é CLG ar Éirinn nua radacach a bhí eolach ar a cultúr, agus fonn uirthi a bheith saor ó laincisí riail na Breataine. Ba iad na daoine céanna a bhí chun tosaigh sa ghluaiseacht réabhlóideach nua agus a chuidigh eagrais náisiúnta a dhéanamh de CLG, agus cumann i mbeagnach gach paróiste. Mar sin, nuair a scoilt gluaiseacht na réabhlóide, ba mhór an tionchar a bhí aige sin ar CLG.

Cíorann an láithreoir spóirt mór le rá, Gráinne McElwain, scéal iontach faoin dóigh ar éirigh le CLG leanúint air agus a theacht chun tosaigh mar ardán don athmhuintearas agus don leigheas, rud a d'fhág ar a chumas fás ina eagrais mar is eol dúinn inniu é. Siúlann sí ó cheann ceann na tíre leis an iomaíocht atá ann ar fad idir cumainn áirithe de chuid CLG, céad bliain ar aghaidh nach mór. Scrúdaíonn sí achrann agus doicheall an ama atá caite ag baint úsáid as creatlach an Chumann, agus an dóigh, in ainneoin an naimhdis, a raibh tionchar an-leigheasach ag CLG i gcontaetha ó thuaidh agus ó dheas.

Ar na gnéithe is suntasaí den chlár, tá an dóigh a ndeachaigh Cogadh na gCarad i bhfeidhm ar na cumainn sna sé chontae, áit nár troideadh é. Mar Ultach, tá fonn ar Ghráinne an tionchar a bhí ag an tréimhse fhuilteach seo sa stair ar a cuid comharsana a fhiosrú. Is i gCogadh na gCarad atá fréamhacha na dianiomaíochta idir na cumainn sin i mBéal Feirste, Ó Donnabháin Rosa agus Naomh Eoin. Cuireadh Joe McKelvey, ball bunaithe de chuid Chumann Uí Dhonnabháin Rosa, chun báis os comhair scuid lámhaigh i bPríosún Mhuinseo, agus ar theacht ar ais go Béal Feirste dá mhuintir tar éis an chogaidh, chuaigh iar-oifigigh de chuid an tSaorstáit le Cumann Naomh Eoin, a bunaíodh in 1929.

Amharcfaidh Gráinne fosta ar an tionchar a bhí ag Cogadh na gCarad ar ainmneacha na dtrófaíthe. Mar shampla, tá trófaí peile Dheisceart Dhoire, Corn Uí Lorcáin, ainmnithe i gcuimhne ar fhear de chuid Bhaile an Doire, Seán Ó Lorcáin, fear a chuir an Saorstát chun báis ar an 14 Márta 1923, i nDroim Bó i gContae Dhún na nGall. Agus scrúdaíonn sí an fáth nach bhfuil corn ná cumann go dtí an lá inniu a dhéanann comóradh ar Mhicheál Ó Coileáin ná ar Éamon De Valera.

Ceisteanna:

- 1 Cén saghas cláir é an clár seo?
- 2 Cén saghas foinse é clár mar seo?
- 3 Cén topaic a fhiosraíonn an clár seo? (alt 1)
- 4 Cén teideal atá ar an gclár seo? (alt 1)
- 5 Cén tslí ar stróic Cogadh na gCarad Éire as a chéile? (alt 2)
- 6 Cén fáth a raibh tionchar mór ag scoilt ghluaiseacht na réabhlóide ar CLG? (alt 2)
- 7 Cén saghas ardáin ab ea CLG? (alt 3)
- 8 Ar troideadh Cogadh na gCarad sna 6 chontae? (alt 4)
- 9 Céard a dhéanfaidh Gráinne de réir an ailt dheireanaigh? (alt 5)
- 10 Cén bheirt nach bhfuil corn ná cumann ann a dhéanann comóradh orthu? (alt 5)

Cuid B: CLG agus an Stair Áitiúil

- 1 Ar bhuaigh do chontae Craobh na hÉireann riamh sa pheil, iomáint, camógaíocht nó i bpeil na mban?
- 2 Má bhuaigh, cén bhliain/cé na blianta a bhuaigh siad?
- 3 An bhfuil an bhliain/na blianta sin sa 19ú, 20ú nó 21ú haois?
- 4 Cé mhéad Corn Chraobh na hÉireann a bhuaigh do chontae sna cluichí Gaelacha roimh an 20ú haois?



Bileog Oibre

Tionchar CLG ar an nGaeilge

Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna thíos.

21 Bealtaine, 2024 | Méabh Ní Thuathaláin | Cluichí Gaelacha, Tuairisc

Tá t-léine, a bhfuil píosa cainte cáiliúil breactha i nGaeilge uirthi, sa bhailiúchán nua atá ag an dearthóir faisin agus iarpheileadóir, Paul Galvin.

Déanann an t-léine, atá i mbailiúchán nua Galvin do Dunnes Stores, ceiliúradh ar cheann de na hóráidí Gaeilge is cáiliúla a tugadh i bPáirc an Chrócaigh.



T-léine nua ó Paul Galvin mar cheiliúradh ar óráid cháiliúil Ghaeilge i bPáirc an Chrócaigh.

'Ardaíonn sé mo chroí go hard na bhFlaitheas', atá le feiceáil ar an T-léine nua, na chéad fhocail ó bhéal chaptaen fhoireann peile Chiarraí, Dara Ó Cinnéide, tar éis dó Corn Mhig Uidhir a chrochadh san aer in 2004.

Ag labhairt dó le Tuairisc faoin bhailiúchán nua, 331-332, dúirt Paul Galvin, iarimreoir peile le Ciarraí a bhí ar an fhoireann chéanna le Ó Cinnéide, go raibh sé bunaithe ar "scéal agus stair Pháirc an Chrócaigh agus an chuid d'Ardán Uí Ógáin, 331-332, ina mbronntar na coirn".

"Chuireas béim ar struchtúr fisiciúil an ardáin ar dtús agus chruthaíomar priontaí áirithe bunaithe air sin. Ansin chuireas béim ar theanga an ardáin más maith leat, go háirithe na hóráidí a deineadh ann thar na blianta.

"Tá fiche bliain caite anois ón óráid sin a rinne Dara. D'fhan an líne 'ardaíonn sé mo chroí go hard na bhFlaitheas' liom," a dúirt sé.

Ceann de na haidhmeanna a bhí ag Galvin lena bhailiúchán nua ná aird a tharraingt ar an Ghaeilge agus ar an tábhacht a bhaineann léi i stair Pháirc an Chrócaigh.

"Maraíodh Michael Hogan féin ar Pháirc an Chrócaigh in ainm na Gaeilge sa bhliain 1920. Inniu téann captaein suas céimeanna Ardán Uí Ógáin bliain i ndiaidh bliana agus deineann siad óráidí as Béarla. Is easpa cultúir agus easpa teanga é sin.

"Ba cheart go mbeadh sé riachtanach na hóráidí seo a dhéanamh as Gaeilge im thuairim," a dúirt Galvin.

Dúirt an Cinnéideach nach raibh aon súil aige leis an oiread airde a tharraing a óráid.

“Chuir sé iontas ar dhaoine gur labhair duine go huile agus go hiomlán i nGaeilge ach bhí sé iomlán nádúrtha domsa an óráid a thabhairt i nGaeilge. Bheadh sé mínádúrtha dom a bheith ag labhairt i mBéarla.

“Tá mé anseo ón nGaeltacht agus is í an Ghaoluinn mo theanga. Bhíos ag cuimhneamh an lá san, tá a fhios agam go bhfuil daoine anseo ná tuigean mé ach is cuma liom. Is iad muintir na Gaeltachta atá ag brú chun tosaigh sa tslua anseo thíos fúm agus seo CLG ar an lá is Gaelaí sa bhliain.

Dúirt Ó Cinnéide go bhfuair sé na céadta litreacha agus teachtaireachtaí ó chainteoirí Gaeilge ar fud na tíre mar gheall ar an óráid.

“Fuair mé carn litreacha, carn ríomhphost. Ar feadh trí seachtaine ina dhiaidh sin bhí boscaí litreacha ag teacht chugam. Lucht na Gaoluinne, daoine ó Dhún na nGall, ó chontae Lú, daoine ar fud na tíre, bhí sé chomh hait. Níor thuigeas é.

“Ní cinneadh é Gaoluinn a labhairt nó gan í a labhairt sa chás sin. Labhrann tú an rud a thagann chugat go nádúrtha agus níor thuigeas go dtí ina dhiaidh sin go raibh rud mór á dhéanamh dó,” a dúirt sé.

Dúirt Ó Cinnéide gurb í an chuimhne is mó atá aige ón lá sin muintir na Gaeltachta a fheiceáil ar Pháirc an Chrócaigh, cuimhne a roinn sé le Galvin.

Ceisteanna:

- 1 Cén post atá ag Paul Galvin?
- 2 Cad air a ndéanann an t-léine ceiliúradh?
- 3 Cén corn a d'ardaigh Dara Ó Cinnéide sa bhliain 2004? Cén píosa ealaíne i stair na hÉireann a bhí ina hinspioráid don chorn sin?
- 4 Cad air a bhfuil bailiúchán nua Paul Galvin bunaithe?
- 5 An raibh tionchar fadtéarmach nó gearrthéarmach ag óráid Uí Chinnéide ar Paul Galvin? Mínigh do fhreagra.
- 6 Luaigh ceann de na haidhmeanna a bhí ag bailiúchán Galvin.
- 7 Cé a maraíodh i bPáirc an Chrócaigh sa bhliain 1920?
- 8 Cad a bhí go hiomlán nádúrtha don Chinnéideach?
- 9 Ar spreag óráid Uí Chinnéide mórtas spóirt, mórtas áite agus mórtas teanga, meas tú? Mínigh do fhreagra le fianaise ón alt.
- 10 De réir Paul Galvin, ‘Ba cheart go mbeadh sé riachtanach na hóráidí seo a dhéanamh as Gaeilge....’ An fíric nó tuairim é sin?



Bileog Oibre

Súil siar

Cuid 1: Féach ar an tábla thíos ina bhfuil 6 cheannteideal. Roghnaigh dath amháin do gach teideal. Úsáid an dath sin chun na focail a bhaineann leis an teideal sin a dhathú. Tá ceann déanta mar shampla duit.

Tionchar Cumann Lúthchleas Gael ar na nithe a leanas					
Forbairt an Daonlathais	Spórt na mBan	Náisiúnachas	Gaeilge	Cultúr Gaelach	Diaspóra
gnáthdhaoine	Oifigeach Forbartha na Gaeilge	na stáisiúin Ghaeilge	spás neodrach	John Joe Sheehy agus Con Brosnan	earcú d'éirí amach
Cumann Pheil na mBan	ag réiteach scoilteanna	mórtas áite, mórtas spóirt agus mórtas teanga	1974	camógaíocht	ealaín na hÉireann
óráidí	imircigh	na Trioblóidí	400 club	Máire Ní Chinnéide	comórtais ar an Domhnach
1969	bonn an pharóiste	Scór	taithí a fháil	1903	Na Gaeil Óga
craobh peile na Mumhan 1924	gréasáin	liathróid a ardú den talamh	amhránaíocht, ceol, rince	Domhnach na Fola 1920	aitheantas a léiriú
Domhnach Gaelach	Comórtas Peile na Gaeltachta	Corn Sam Mhig Uidhir	Stop an meath agus d'fhás sé ar luas lasrach	an cumann spóirt is mó sa tír	agóid shíochánta

Cuid 2: Nuair atá na freagraí cearta agat, athscríobh an tábla i do chóipleabhar leis na téarmaí cearta faoi na teidil chearta.